Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 13 Bealtaine 2022**
**(OR. fr)**

**8864/22**

**SOC 254**
**EMPL 158**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe (Cuid 1)/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú<br>Ceapachán Tanja BERGRATH, comhalta don Ghearmáin, in ionad Stefan GRAN, atá éirithe as |

1. Cuireadh Ardrúnaíocht na Comhairle ar an eolas go bhfuil Stefan GRAN éirithe as mar chomhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais thuasluaite i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann (don Ghearmáin).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound), agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1365/75 ón gComhairle, is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí an Bhoird Bainistíochta.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá an t-iarrthóir seo a leanas ainmnithe ag eagraíocht na gceardchumann CEC (Cónaidhm Eorpach na gCeardchumann), don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha dar críoch an 31 Márta 2023:

Tanja BERGRATH
DGB Brussels Office
Avenue de Tervueren 15
1040 Brussels, Belgium
Teil. : + 32 2 5483690
Ríomhphost: tanja.bergrath@dgb.de

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

a) an Cinneadh ón gComhairle atá i gceangal leis seo, lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

b) an Cinneadh a chur á fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

**IARSCRÍBHINN**

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an

lena gcuirtear comhalta in ionad comhalta de

Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/127 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)[1], agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leis na Cinntí uaithi an 9 Aibreán 2019[2], an 25 Meitheamh 2019[3], an 8 Iúil 2019[4], an 16 Meán Fómhair 2019[5] agus an 14 Meitheamh 2021[6], cheap an Chomhairle na comhaltaí agus na comhaltaí malartacha de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú don tréimhse ón 1 Aibreán 2019 go dtí an 31 Márta 2023.

(2) Tá suíochán comhalta i gcatagóir ionadaithe na gceardchumann tagtha chun bheith folamh ó tharla gur éirigh Stefan GRAN as.

(3) Tá iarrthóir ainmnithe ag eagraíocht na gceardchumann CEC don suíochán folamh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

1 IO L 30, 31.1.2019, lch. 74.
2 IO C 135, 11.4.2019, lch. 1.
3 IO C 216, 27.6.2019, lch. 1.
4 IO C 232, 10.7.2019, lch. 3.
5 IO C 314, 18.9.2019, lch. 2.
6 IO C 234 I, 17.6.2021, lch. 1.

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Tanja BERGRATH ina comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Fhorais Eorpaigh chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú in ionad Stefan GRAN, ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2023.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa ..., an ...

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán